



An Bhruiséil, 11 Nollaig 2023
(OR. en)

16525/23

AGRI 808
AGRIFIN 156
FIN 1269

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 15671/23
roimhe seo:

Ábhar: Tuarascáil Speisialta Uimh. 9/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: 'Slabhraí soláthair táirgí talmhaíochta a áirithiú le linn COVID-19: Bhí freagairt an Aontais tapa, ach ní raibh sí spriocdhírithe go leor ag na Ballstáit'
- *Conclúidí ón gComhairle*

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le:

Tuarascáil speisialta Uimh. 9/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: '*Slabhraí soláthair táirgí talmhaíochta a áirithiú le linn COVID-19: Bhí freagairt an Aontais tapa, ach ní raibh sí spriocdhírithe go leor ag na Ballstáit*',

a d'fhormheas an Chomhairle ag an 3995^ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl an 10-11 Nollaig 2023.

Conclúidí ón gComhairle

Tuarascáil Speisialta Uimh. 9/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:

‘Slabhraí soláthair táirgí talmhaíochta a áirithiú le linn COVID-19: Bhí freagairt an Aontais tapa, ach ní raibh sí spriocdhírithe go leor ag na Ballstáit’

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 9/2023 ón gCúirt dar teideal *‘Slabhraí soláthair táirgí talmhaíochta a áirithiú le linn COVID-19: Bhí freagairt an Aontais tapa, ach ní raibh sí spriocdhírithe go leor ag na Ballstáit’*, inar scrúdaíodh an raibh freagairt an Aontais ar an mbagairt ar shlabhraí soláthair táirgí talmhaíochta de bharr na paidéime iomchuí;
2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE conclúid na Cúirte go raibh freagairt an Choimisiúin ar an mbagairt ar shlabhraí soláthair talmhaíochta de bharr phaindéim COVID-19 iomchuí den chuid is mó ach nach raibh sé spriocdhírithe go leor agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an moladh don Choimisiún rialacha soiléire a mholadh agus dea-chleachtas a roinnt chun feabhas a chur ar spriocdhíriú bhearta CBT, a nglacann an Coimisiún leis;
3. MEABHRAÍTEAR DI go roinneann an Coimisiún agus na Ballstáit bainistiú na mbeart i bhfabhar na hearnála agraibhia agus go ndéanann na Ballstáit tairbhithe a roghnú agus na bearta arna moladh ag an gCoimisiún a chur chun feidhme;
4. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le solúbthacht maidir le díriú ar bhearta géarchéime CBT i gcomhthéacs éiginnteachta agus le ligean do na Ballstáit réitigh atá spriocdhírithe ar a gcásanna sonracha a mholadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta;
5. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh bearta urghnácha an Aontais arna ndéanamh tráth géarchéime i gcomhréir le prionsabail na hiomaíochta oscailte agus saor in aisce ar fud an Aontais agus CUIREANN SÍ I bhFÍOS GO LÁIDIR nár cheart, fiú i gcásanna éigeandála, go mbeadh deonú Státchabhrach ina chúis le haon saobhadh margaidh ná iomaíochta, ná le róchúiteamh;

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI cruthú an tSásra Eorpaigh um Ullmhacht agus um Fhreagairt i leith Géarchéimeanna Slándála Bia chun comhordú agus ullmhacht níos fearr a áirithiú tráth géarchéime;
 7. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún malartú dea-chleachtas agus ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme bhearta ghéarchéim COVID-19 a éascú d'fhonn cabhrú leis na Ballstáit agus chun gur féidir tacaíocht a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr i gcásanna géarchéime amach anseo.
-